An Roinn Oideachais
Department of Education

Nóta treorach do bhunscoileanna agus d’iar-bhunscoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

An próiseas deimhnithe um aitheantas a ghnóthú mar scoil Ghaeltachta

An tAonad um Oideachas Gaeltachta
2022

CLÁR NA nÁBHAR

1. An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta 1
2. Leanúint de thacaíochtaí do scoileanna 1
3. Meastóireachtaí na Cigireachta ar fhorbairt an chleachtais de réir na gcritéar teangabhunaithe 2
3.1 Na socruithe don chuairt mheastóireachta 2
3.2 Gníomhaíochtaí meastóireachta 2
3.3 Tar éis na cuairte meastóireachta 3
4. Próiseas achomhairc 3
5. Athnuachan an aitheantais mar scoil Ghaeltachta 4
Aguisín 1 Na tacaíochtaí breise atá á soláthar do scoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta 5
Aguisín 2 Amchlár samplach don chuairt mheastóireachta 6
Aguisín 3 Treoir maidir le cuntas na scoile ar dhul chun cinn i gcomhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta 7
Aguisín 4 Critéir theangabhunaithe don aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta 8
Aguisín 5 Critéir theangabhunaithe don aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta 9

1. An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Is é sprioc uileghabhálach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 ná a dheimhniú go bhfuil fáil ag daltaí/scoláirí ar oideachas d'ardcháilíocht trí mheán na Gaeilge i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus i scoileanna sa Ghaeltacht, agus chun tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta. Bunaíodh an tAonad um Oideachas Gaeltachta in 2017 chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ghníomhartha an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

Chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí i scoileanna, seoladh an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta i mí Aibreáin 2017. Tugann an Scéim deis do scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta aitheantas a lorg mar scoil Ghaeltachta, tar éis dóibh dul i gcomhairle lena bpobal scoile. Chun an t-aitheantas sin a bhaint amach, ní mór don scoil sainchritéir theangabhunaithe a chomhlíonadh chun an tumoideachas a neartú, agus a bheith páirteach sa phróiseas pleanála teanga áitiúil.

Nuair a thosaigh an Scéim in 2017, iarradh ar scoileanna tús a chur le próiseas pleanála d'fheabhsúchán scoile chun tacú le cur i bhfeidhm na Scéime. Cuirtear sraith tacaíochtaí spriocdhírithe breise ar fáil do scoileanna, de réir mar atá leagtha amach sna himlitreacha bliantúla agus sna treoracha éagsúla a eisítear chuig scoileanna chun cabhrú leo an Scéim a chur i bhfeidhm. Tá liosta de na tacaíochtaí breise atá á soláthar do scoileanna atá páirteach sa Scéim, mar aon le liosta de na doiciméid treorach ábhartha, ar fáil in Aguisín 1.

De réir shaolré cúig bliana an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, bhíothas ag súil go mbeadh an Polasaí agus an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta le teacht chun críche in 2022. De dheasca phaindéim COVID-19, cuireadh síneadh le saolré na Scéime go deireadh na scoilbhliana 2023-2024.

In 2022, cuirfear tús le próiseas deimhnithe chun a chinntiú go bhfuil na critéir theangabhunaithe le haghaidh aitheantais mar scoil Ghaeltachta á gcomhlíonadh ag na scoileanna atá páirteach sa Scéim. Beidh an próiseas deimhnithe le haghaidh aitheantais mar scoil Ghaeltachta á stiúradh ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta (AOG) i gcomhar le Cigireacht na Roinne agus le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG). Bronnfar aitheantas mar scoil Ghaeltachta ar scoil nuair a dheimhnítear go bhfuil cleachtas na scoile forbartha de réir na gcritéar teangabhunaithe le haghaidh aitheantais mar scoil Ghaeltachta agus go bhfuil sé d'acmhainn ag an scoil na critéir a chomhlíonadh go hiomlán go luath amach anseo.

Beidh próiseas agus torthaí na féinmheastóireachta scoile mar chuid thábhachtach den bhonn fianaise do chinneadh na Roinne maidir le haitheantas a bhronnadh. Beidh páirt ghníomhach ag na scoileanna féin agus a bpobail sa phróiseas seo chomh maith. Leagann an nóta treorach seo amach conas a dhéanfar an próiseas sin a riaradh.

2. Leanúint de thacaíochtaí do scoileanna

Chun tacú le scoileanna i leith chur i bhfeidhm na Scéime ina gcomhthéacs uathúil féin, tá séisiúin chomhairleacha á gcur ar fáil do scoileanna ag an gCigireacht faoi láthair, ina bpléitear dul chun cinn na scoile i gcur i bhfeidhm na Scéime, na dúshláin a bhaineann leis, agus úsáid na n-uaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge. Le linn na seisiún comhairleach, pléitear freisin cleachtais nuálacha atá curtha i bhfeidhm ag na scoileanna agus an tionchar atá ag na cleachtais sin ar bhaint amach na gcritéar teangabhunaithe. Tá sé molta do scoileanna úsáid a bhaint as Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas (2020) nó Treoir d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí

Dea-Chleachtais don Tumoideachas (2020) chun forbairt a gcuid cleachtas de réir na gcritéar teangabhunaithe a thacú agus a mheas.

Cuirfidh COGG tacaíocht leanúnach ar fáil do scoileanna i bhfoirm seimineár ar líne, seisiúin aghaidh-ar-aghaidh, glaoanna gutháin, líonraí proifisiúnta agus rochtain ar acmhainní Gaeilge tríd an *Tairseach* ar líne, chun rannpháirtíocht éifeachtach na scoileanna sa phróiseas deimhnithe le haghaidh aitheantais mar scoil Ghaeltachta a éascú.

3. Meastóireachtaí na Cigireachta ar fhorbairt an chleachtais de réir na gcritéar teangabhunaithe

3.1 Na socruithe don chuairt mheastóireachta

Beidh na meastóireachtaí seachtracha faoin bpróiseas deimhnithe le haghaidh aitheantais mar scoil Ghaeltachta á gcur ar siúl ag an Roinn idir mhí Dheireadh Fómhair 2022 agus Cáisc 2024. Beidh na scoileanna do na tréimhsí éagsúla roghnaithe ar bhonn randamach den chuid is mó. Fógrófar an chuairt mheastóireachta ar a laghad deich lá oibre roimh ré. Déanfaidh an cigire tuairiscithe teagmháil leis an scoil chun na socruithe don chuairt a phlé leis an bpríomhoide agus déanfar gach iarracht a chinntiú go n-oireann na dátaí don scoil.

Déanfar an chuairt mheastóireachta taobh istigh de lá amháin go hiondúil. I gcásanna, go háirithe in iar-bhunscoileanna, tá seans go mbeidh an dara lá i gceist. I bhformhór na mbunscoileanna, déanfaidh cigire amháin an mheastóireacht. Beidh beirt chigirí i mbun na meastóireachta i mbunscoileanna a bhfuil níos mó ná seisear múinteoirí príomhshrutha iontu agus in iar-bhunscoileanna a bhfuil níos mó ná 150 scoláire iontu. Tá amchlár samplach don chuairt mheastóireachta ar fáil in Aguisín 2. Déanfaidh an cigire tuairiscithe na socruithe don chuairt scoile i gcomhairle leis an bpríomhoide.

3.2 Gníomhaíochtaí meastóireachta

Ag tús na cuairte meastóireachta, iarrfar ar ionadaí/ionadaithe d'fhoireann ceannaireachta/bainistíochta na scoile léargas a thabhairt don chigire ar dhul chun cinn na scoile i gcomhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe. Tá treoir don seisiún seo ar fáil in Aguisín 3. Ós rud é go mbaineann cuid de na critéir theangabhunaithe le comhpháirtíocht na scoile leis an bpobal áitiúil i leith úsáid na Gaeilge, beidh sé de rogha ag an scoil an léargas a thabhairt i gcomhar le hionadaithe ón gceanneagraíocht pleanála teanga agus/nó baill den choiste pleanála teanga (más ann). Beidh an léargas seo ón scoil mar chuid an-tábhachtach den fhianaise ar an gcaoi a bhfuil cleachtas na scoile forbartha chun na critéir theangabhunaithe a bhaineann le haitheantas mar scoil Ghaeltachta a chomhlíonadh.

Le linn na cuairte meastóireachta, beidh cruinniú ag an gcigire freisin le hionadaithe tuismitheoirí na ndaltaí/scoláirí. Má tá cumann tuismitheoirí na scoile cleamhnaithe le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (CNT), buailfidh an cigire le hionadaithe an chumainn. Mura bhfuil cumann tuismitheoirí ag an scoil, nó mura bhfuil an cumann cleamhnaithe leis an CNT, buailfidh an cigire/na cigirí le grúpa ionadaíoch tuismitheoirí.

Tabharfaidh an cigire cuairteanna ar shuíomhanna foghlama sa scoil mar chuid den mheastóireacht.

Le linn na gcuairteanna seo, beidh sé de chuspóir ag an gcigire

- fianaise a bhailiú ar a mhéid is atá cleachtas na scoile á fhorbairt de réir na gcritéar teangabhunaithe.
- torthaí na féinmheastóireachta scoile a dheimhniú

Tabharfaidh na cuairteanna ar shuíomhanna foghlama deis don chigire freisin éisteacht le tuairimí na ndaltai/scoláirí maidir le húsáid na Gaeilge i bpobal na scoile.

Ag deireadh na cuairte, tabharfar aiseolas do lucht bainistíochta agus ceannaireachta na scoile ag am a shocrófar idir an príomhoide agus an cigire.

Tá amchlár samplach don chuairt mheastóireachta ar fáil in Aguisín 2.

3.3 Tar éis na cuairte meastóireachta

Tar éis na cuairte, scríobhfaidh an cigire/na cigirí tuairisc ghonta ar shonraí agus ar thorthaí na meastóireachta. Tabharfar achoimre sa tuairisc faoi conas mar atá cleachtas na scoile ag forbairt de réir na gcritéar teangabhunaithe chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta. Cuirfear cóip den dréacht-tuairisc chuig an scoil le haghaidh dearbhú fíricí sula dtabharfar chun críche é. Tabharfar deis don scoil freagairt don tuairisc chomh maith. Níl sé ar intinn ag an Roinn an tuairisc seo a fhoilsiú ach beidh sé de rogha ag scoileanna í a roinnt lena bpobal scoile más mian leo.

Bunaithe ar fhianaise na meastóireachta, tabharfaidh an cigire/na cigirí moladh don Roinn Oideachais maidir le cibé ar chóir nó nár chóir aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhronnadh ar an scoil. Sa chás nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta ag an scoil maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar teangabhunaithe faoi théarmaí na Scéime, ní bhfaighfidh an scoil deimhniú le haghaidh aitheantais mar scoil Ghaeltachta.

I gcúinsí eisceachtúla agus bunaithe ar mholtaí an chigire, féadfaidh an Roinn tréimhse bhreise ama a dheonú don scoil chun forbairt a dhéanamh de réir na gcritéar teangabhunaithe. Is í an Roinn Oideachais a chinnfidh an tréimhse ama bhreise. Iarrfar ar an scoil plean gníomhaíochta scoile a sholáthar don Roinn, ina gcaithfear a leagan amach an chaoi ina ndéanfar forbairt de réir na gcritéar teangabhunaithe. Beidh cinneadh na Roinne maidir leis an dtréimhse ama breise bunaithe ar an bplean seo.

Cuirfidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta cinneadh na Roinne in iúl don scoil maidir le toradh an phróisis deimhnithe. Cuirfear scoileanna ar an eolas freisin, de réir mar is gá, faoin bpróiseas achomhairc, mar atá leagtha amach i gCuid 4 den Nóta Treorach seo.

Faoi réir mar a cheadaíonn an buiséad, tá sé ar intinn go leanfar le hacmhainní a sholáthar chun tacú le scoileanna i bhforbairt a gcuid cleachtais de réir na gcritéar teangabhunaithe tar éis dóibh a bheith aitheanta mar scoileanna Gaeltachta. Tabharfar breac-chuntas ar mhionsonraí na dtacaí atá le soláthar do scoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta in imlitreacha bliantúla na Roinne a bhaineann leis an Scéim.

4. Próiseas achomhairc

I gcásanna ina bhfuil diúltaithe ag an Roinn stádas mar scoil Ghaeltachta a dheonú, is féidir leis an scoil achomharc a dhéanamh i scríbhinn chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta laistigh de 30 lá féilire ó cuireadh cinneadh na Roinne in iúl don scoil. Cuirfear sonraí uile an phróisis achomhairc san áireamh i gcomhfhreagras na Roinne leis an scoil.

Déanfaidh painéal trí chomhalta, nach raibh páirteach sa mheastóireacht, gach achomharc a mheas. Ar an bpainéal, beidh cigire de chuid na Roinne Oideachais, ionadaí arna ainmniú ag an Roinn Oideachais agus ionadaí arna ainmniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, a bhfuil leibhéal oiriúnach inniúlachta sa Ghaeilge agus taithí ábhartha acu. Cuirfear na sonraí uile a bhaineann leis an bpróiseas achomhairc, lena n-áirítear an nós imeachta chun achomharc a chur isteach, san áireamh san fhógra faoin gcinneadh.

Má chinntear, tar éis chomhthéacs sochtheangeolaíoch áirithe na scoile agus saincheisteanna ábhartha eile a mheas, nach ndearna scoil dóthain iarrachtaí chun na critéir theangabhunaithe a chomhlíonadh laistigh de chreat ama réasúnta, ní bheidh an scoil incháilithe a thuilleadh do na tacaíochtaí breise atá ar fáil faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Leanfaidh sé, áfach, de bheith ar oscailt do bhord bainistíochta na scoile dul i dteagmháil arís le pobal na scoile agus leis an gceanneagraíocht pleanála teanga áitiúil chun athiarratas a dhéanamh chuig an Roinn páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

5. Athnuachan an aitheantais mar scoil Ghaeltachta

Mar chuid dá dtuarascáil bhliantúil do phobal na scoile ar an bhféinmheastóireacht scoile, ba chóir do scoileanna leanúint ar aghaidh ag cur a bpobal scoile ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis na critéir theangabhunaithe a chomhlíonadh. Tacóidh sé seo le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus le caighdeán an oideachais trí mheán na Gaeilge sa scoil a neartú.

Mar chuid den chlár cigireachta bliantúil, leanfaidh Cigireacht na Roinne ar aghaidh ag déanamh meastóireachtaí ar shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus ar scoileanna, lena n-áirítear scoileanna a bhfuil aitheantas bainte amach acu mar scoil Ghaeltachta. Beidh stádas agus comhthéacs uathúil na scoile mar scoil Ghaeltachta ar cheann de na tosca a chuirfear san áireamh ina próisis féinmheastóireachta scoile agus sna meastóireachtaí seachtracha.

Beidh ar scoileanna iarratais a chur isteach chuig an Roinn Oideachais chun a n-aitheantas mar scoil Ghaeltachta a athnuachan tar éis tréimhse cúig bliana. Tabharfar sonraí maidir leis an bpróiseas seo ins na himlitreacha bliantúla a eisíonn an Roinn.

Aguisín 1
Na tacaíochtaí breise atá á soláthar do scoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

- Uaireanta tacaíochta teanga breise don Ghaeilge bunaithe ar rollúchán na scoile
- Forbairt ghairmiúil leanúnach breise curtha ar fáil ag COGG
- Tacaíocht bhreise ón gCigireacht trí chuairteanna comhairleacha breise chun tacú le scoileanna a spriocanna maidir le feidhmiú na gcritéar teangabhunaithe Gaeilge a bhaint amach
- Fáil ar dheontas bliantúil (€1,200) chun acmhainní teagaisc Gaeilge a cheannach
- Leithdháileadh uaireanta breise teagaisc agus deontas aon uaire €5,000 d'iarbhunscoileanna Gaeltachta atá rannpháirteach i dTionscadal Ríomh-Mhoil na hArdteistiméireachta.

Treoracha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta chun tacú le cur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta
• Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta – Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais (2018) • Dréacht-Treoir d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta – Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais (2018) • Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas: Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta (2020) • Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas: Treoir d'Iar-Bhunscoileanna Gaeltachta (2020)
Treoracha eile a eisíodh chun tacú le scoileanna Gaeltachta
• Treoir do Scoileanna: Seisiúin Chomhairleacha na Cigireachta 2021/22 do na scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (2021) • Treoir do Scoileanna Gaeltachta: Comhpháirtíocht leis an bPobal maidir le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn (2021) • Treoir do Scoileanna Gaeltachta: Naisc a threisiú idir Bunscoileanna agus Suíomhanna Luathfhoghlama agus Cúraim (2021) • An Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar fheidhmiú na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta - Treoir do Scoileanna: Nósanna Imeachta Meastóireachta do na Cás-Staidéir (Meán Fómhair 2019 go Eanáir 2020) • Scoileanna Rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: Na Príomhtheachtaireachtaí ó Chuairteanna Comhairleacha na Cigireachta (2018)

Aguisín 2
Amchlár samplach don chuairt mheastóireachta

Amanna le haontú leis an scoil	
Gníomhaíocht	**Rannpháirtithe**
AR MAIDIN	
• Cruinniú gearr leis an bpríomhoide chun imeachtaí agus cruinnithe don dá lá a shocrú • Cuntas ón scoil (i gcomhar le hionadaí an cheanneagraíochta pleanála teanga/choiste pleanála teanga más é sin atá roghnaithe ag an scoil) ar dhul chun cinn i gcomhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe • Ceisteanna agus plé	✓ An príomhoide ✓ Baill foirne a bhfuil ról ceannaireachta acu ✓ Cathaoirleach an bhoird bainistíochta (nó a ionadaí/hionadaí) ✓ An t-oifigeach pleanála teanga ✓ Baill den cheanneagraíocht pleanála teanga nó choiste pleanála teanga ✓ Cigire/cigirí
• Cuairteanna an chigire/na gcigirí ar shuíomhanna foghlama	✓ Múinteoirí ranga príomhshrutha/múinteoirí tacaíochta don Ghaeilge, múinteoirí oideachais speisialta, cuntóir teanga, daltaí/scoláirí ✓ Cigire/cigirí
TAR ÉIS AM LÓIN	
• Cruinniú le tuismitheoirí/caomhnóirí ó chumann tuismitheoirí na scoile (má tá siad cleamhnaithe le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí) **nó** grúpa ionadaíoch de thuismitheoirí	✓ Sampla ionadaíoch de thuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí/scoláirí ✓ Cigire/cigirí
• Athmhachnamh an chigire/na gcigirí ar an bhfianaise a cuireadh i láthair agus ullmhúchán don chruinniú le hionadaithe d'fhoireann ceannaireachta/bainistíochta na scoile	✓ Cigire/cigirí
• Cruinniú idir an cigire/na cigirí agus ionadaithe d'fhoireann ceannaireachta/ bainistíochta na scoile chun aiseolas a chur ar fáil	✓ Ionadaithe d'fhoireann ceannaireachta/bainistíochta na scoile ✓ Cigire/cigirí

Aguisín 3
Treoir maidir le cuntas na scoile ar dhul chun cinn i gcomhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta

- Iarrtar ar ionadaí/ionadaithe d'fhoireann ceannaireachta/bainistíochta na scoile an cigire/na cigirí a uasdátú maidir le haistear na scoile faoin Scéim. Is féidir scéal an aistir seo a insint ar an mbealach is oiriúnaí don scoil. Tá raon leathan féidearthachtaí ann, ó chuntas ó bhéal go cur i láthair digiteach.

- Moltar go dtabharfaí áit lárnach sa léiriú seo do chur síos ar an dul chun cinn atá déanta ag an scoil i gcomhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe.

- Moltar go ndéanfaí tagairt don fhianaise ar dhul chun cinn atá bailithe ag an scoil mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta scoile.

- Iarrtar ar an scoil tagairt a dhéanamh do na táscairí dea-chleachtais mar is cuí le linn an chur i láthair.

- Ós rud é go mbaineann cuid de na critéir theangabhunaithe le compháirtíocht leis an bpobal, beidh sé de rogha ag an scoil an cur i láthair seo a dhéanamh i gcomhar leis an oifigeach pleanála teanga agus/nó páirtithe eile.

- B'fhiú don scoil machnamh a dhéanamh freisin ar rannpháirtíocht daltaí/scoláirí sa chur i láthair más cuí.

- Beidh deis ag an gcigire/na cigirí ceisteanna a chur nó soiléiriú a lorg, de réir mar is gá.

Aguisín 4
Critéir theangabhunaithe don aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta

1	Clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn
2	Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge
3	Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge
4	Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt: a) a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus b) a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta)
5	Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)
6	Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1 i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge
7	Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla
8	Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge
9	Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta
10	Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile
11	Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (*naíonraí*)
12	Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le hiar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge
13	Gach iarracht foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta.

Aguisín 5
Critéir theangabhunaithe don aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta

1	Leathnú ar an bhfáil ar churaclam a bhfuil cur chuige lántumtha aige, áit a múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla agus nuatheangacha iasachta eile, trí Ghaeilge.
2	Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na scoláirí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge
3	Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt: a) a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus b) a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, scoláirí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta)
4	Athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)
5	An tSonraíocht T1 don Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach.
6	Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas don Bhéarla agus nuatheangacha iasachta eile
7	Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge
8	Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta
9	Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile.
10	Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le bunscoileanna agus/nó iarbhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge trí úsáid a bhaint as deiseanna foghlama ar líne agus foghlama cumaisc.
11	Gach iarracht foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta.